Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**13079/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0331(NLE)**

**AVIATION 262**
**CHINE 5**
**RELEX 879**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 639 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste faoin gComhaontú i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne, maidir le Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 639 final.

Faoi iamh: COM(2021) 639 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.10.2021
COM(2021) 639 final

2021/0331 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste faoin gComhaontú i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne, maidir le Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste na bPáirtithe arna leagan síos le hAirteagal 11 den Chomhaontú i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le glacadh beartaithe Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne

Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne comhar déthaobhach maidir le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta a chothú agus trádáil agus infheistíocht i dtáirgí aerloingseoireachta sibhialta a éascú idir an tAontas agus Daonphoblacht na Síne. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2020.

### 2.2. Comhchoiste na bPáirtithe

Bunaítear Comhchoiste na bPáirtithe le haghaidh fheidhmiú éifeachtach an Chomhaontaithe, lena n-áirítear (a) aon cheist a bhaineann le cur i bhfeidhm nó cur chun feidhme an Chomhaontaithe a réiteach; (b) féachaint an féidir oibriú an Chomhaontaithe sin a fheabhsú agus moltaí a chur faoi bhráid na bPáirtithe de réir mar is iomchuí chun an Comhaontú a leasú; (c) leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghlacadh; (d) forbairt Iarscríbhinní nua a chomhordú agus iad a ghlacadh agus (e) nósanna imeachta oibre a ghlacadh, de réir mar is iomchuí, maidir le comhar agus trédhearcacht rialála le haghaidh na ngníomhaíochtaí uile dá dtagraítear in Airteagal 3 den Chomhaontú. Déanfaidh Comhchoiste na bPáirtithe a rialacha nós imeachta a tharraingt suas agus a ghlacadh.

Is é an Coimisiún Eorpach a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste. Beidh cabhair aige ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) agus beidh na húdaráis eitlíochta ina theannta mar ionadaithe ó na Ballstáit[1].

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Comhchoiste na bPáirtithe

Le linn an chéad chruinnithe a bheidh aige, a bhfuil sé beartaithe é a reáchtáil sa dara leath de 2021, glacfaidh Comhchoiste na bPáirtithe a rialacha nós imeachta ('an gníomh atá beartaithe'). Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe na rialacha agus na nósanna imeachta is gá a leagan síos chun cruinnithe Chomhchoiste na bPáirtithe a eagrú agus a reáchtáil. Aon Airteagal déag atá sa ghníomh atá beartaithe.

Déantar foráil in Airteagal 1 maidir le sainmhínithe na dtéarmaí 'Páirtí' agus 'Páirtithe'.

Le hAirteagal 2, sainítear go mbeidh ionadaí ón Aontas Eorpach agus ionadaí ó Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ina gcomhchathaoirligh ar an gComhchoiste. Sainítear leis an Airteagal sin freisin gurb é an Coimisiún Eorpach a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste, go mbeidh cabhair aige ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) agus go mbeidh na húdaráis eitlíochta ina theannta

[1] CINNEADH (AE) 2020/1075 ÓN gCOMHAIRLE an 26 Meitheamh 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne, Airteagal 3.1

mar ionadaithe ó na Ballstáit. Ar deireadh, luaitear in Airteagal 2 gurb é Údarás Eitlíochta Sibhialta na Síne a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne sa Chomhchoiste.

Leagtar amach in Airteagal 3 go dtiocfaidh an Comhchoiste le chéile go tráthrialta, uair sa bhliain más féidir, agus go ndéanfar sealaíocht maidir le suíomh na gcruinnithe idir an Bhruiséil agus Béising, a mhéid is féidir. De mhalairt air sin, d'fhéadfaí plé trí fhíschomhdháil a eagrú ina mbeadh an stádas dlí céanna ag cinntí agus moltaí a ghlacfaí le linn físchomhdhálacha agus a bhíonn acu sin a ghlactar i gcruinnithe fisiceacha. Lena chois sin, mura gcomhaontóidh na cathaoirligh a mhalairt, ní bheidh cead ag an bpobal páirt a ghlacadh i gcruinnithe an Chomhchoiste. Is i mBéarla a reáchtálfar na cruinnithe agus a scríobhfar na doiciméid. Is é an Páirtí a iarrann ateangaireacht nó aistriúchán go teanga eile a sheasfaidh na costais lena mbaineann.

Sainítear in Airteagal 4 go gcuirfidh na Páirtithe, roimh gach cruinniú, a chéile ar an eolas faoi chomhdhéanamh beartaithe a dtoscaireachtaí faoi seach, agus ainmneoidh siad a gcathaoirleach féin faoi seach. Féadfaidh na cathaoirligh, ar bhonn *ad hoc*, iarraidh ar thríú páirtithe freastal ar chruinnithe den Chomhchoiste chun faisnéis ar ábhair ar leith a sholáthar, nó mar bhreathnóirí.

In Airteagal 5, luaitear go ngníomhóidh Oifigeach ón gCoimisiún Eorpach agus oifigeach ó Údarás Eitlíochta Sibhialta na Síne go comhpháirteach mar rúnaithe an Chomhchoiste.

In Airteagal 6, sainítear go leagfaidh na cathaoirligh síos clár oibre sealadach gach cruinnithe trí chomhaontú frithpháirteach. Tarchuirfidh na rúnaithe an clár oibre sealadach sin agus aon doiciméad atá ábhartha maidir leis an gcruinniú chuig na rannpháirtithe ar a laghad cúig lá oibre dhéag roimh dháta an chruinnithe. Lena chois sin, glacfaidh an Comhchoiste an clár oibre ag tús gach cruinnithe. Féadfar ítimí eile seachas iad siúd atá ar an gclár oibre sealadach a chur ar an gclár oibre, má chomhaontaíonn na Páirtithe leis sin. Féadfaidh na cathaoirligh an teorainn ama maidir le doiciméid a tharchur, dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear an clár oibre sealadach, a mhodhnú trí chomhaontú, chun ceanglais nósanna imeachta inmheánacha Páirtí nó práinn ábhar áirithe a chur san áireamh.

In Airteagal 7, sainítear go ndéanfar dréachtmhiontuairiscí gach cruinnithe den Chomhchoiste a tharraingt suas tar éis an chruinnithe. Léireofar iontu na cinntí agus na moltaí a glacadh agus na conclúidí a rinneadh. Glacfaidh an Comhchoiste na miontuairiscí ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aige. Nuair a bheidh na miontuairiscí formheasta, síneoidh na cathaoirligh iad agus comhdóidh gach Páirtí cóip bhunaidh nó cóip scanta amháin.

Baineann Airteagal 8 leis an nós imeachta i scríbhinn a shainmhíniú, chun a cheadú, i gcás inar gá agus inar cuí-réasúnaithe, moltaí agus cinntí an Chomhchoiste a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn. Chun na críche sin, malartóidh na cathaoirligh na dréachtbhearta a lorgaítear tuairim an Chomhchoiste ina leith, agus féadfar an tuairim sin a dheimhniú trí mhalartú comhfhreagrais ina dhiaidh sin. Mar sin féin, féadfaidh aon Pháirtí a iarraidh go dtionólfar an Comhchoiste chun an t-ábhar a phlé.

Baineann Airteagal 9 leis an bpróiseas cinnteoireachta sa Chomhchoiste. Is de chomhthoil na bPáirtithe a ghlacfaidh an Comhchoiste a chuid cinntí agus moltaí. Lena chois sin, 'Cinneadh' agus 'Moladh' an teideal a bheidh ar chinntí agus ar mholtaí an Chomhchoiste faoi seach, agus ina dhiaidh sin beidh sraithuimhir, dáta a nglactha agus tuairisc ar a n-ábhar. Síneoidh na cathaoirligh cinntí agus moltaí an Chomhchoiste agus nuair a bheidh siad glactha ag an gComhchoiste déanfaidh na Páirtithe iad a chur chun feidhme i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha féin. Ar deireadh, féadfaidh na Páirtithe na cinntí a ghlacfaidh an Comhchoiste a fhoilsiú ina bhfoilseacháin oifigiúla féin. Féadfar moltaí nó aon ghníomh eile a

ghlacfaidh an Comhchoiste a fhoilsiú má chomhaontaíonn na Páirtithe leis sin. Coinneoidh gach Páirtí cóip bhunaidh nó cóip scanta amháin de na cinntí agus de na moltaí.

Le hAirteagal 10, ceadaítear don Chomhchoiste meithleacha teicniúla a bhunú agus maoirseacht a dhéanamh orthu chun cuidiú leis an gComhchoiste a chúraimí a chur i gcrích. I dtaca leis na téarmaí tagartha le haghaidh meithle, cuirfear mar cheangaltán iad leis an gcinneadh lena mbunaítear an mheitheal. D'fhéadfadh sé go mbeidh, *inter alia*, comhdhéanamh na meithle sna téarmaí tagartha. Ionadaithe ó na Páirtithe a bheidh ar na meithleacha agus déanfaidh siad a gcuid oibre faoi údarás an Chomhchoiste, dá dtuairisceoidh siad tar éis gach ceann dá gcruinnithe. Ní dhéanfaidh siad cinntí, ach féadfaidh siad moltaí a chur faoi bhráid an Chomhchoiste. Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh tráth ar bith deireadh a chur le meitheal atá ann cheana, a théarmaí tagartha a mhodhnú, nó meitheal nua a bhunú chun cúnamh a thabhairt dó a chúraimí a chur i gcrích.

Baineann an t-airteagal deireanach, Airteagal 11, le costais. Beidh na Páirtithe freagrach as a gcostais féin a íoc, costais a thabhaítear mar gheall ar a rannpháirtíocht i gcruinnithe an Chomhchoiste agus i gcruinnithe na meithleacha, lena n-áirítear caiteachas foirne, taistil agus cothaithe agus costais phoist agus teileachumarsáide. Is é an Páirtí a óstálfaidh an cruinniú a sheasfaidh caiteachas a bhaineann le heagrú ábharach na gcruinnithe.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Is éard atá sa seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bhunaítear faoin gComhaontú i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne an gníomh atá beartaithe a ghlacadh le linn an chéad chruinnithe den Chomhchoiste.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear leis freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[2].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Comhchoiste na bPáirtithe a bhunaítear le comhaontú, eadhon an Comhaontú i ndáil le Sábháilteacht na hEitlíochta Sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne.

Is é atá sa ghníomh a iarrtar ar Chomhchoiste na bPáirtithe a ghlacadh gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i

[2] Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

gcomhréir le hAirteagal 11 den Comhaontú i ndáil le Sábháilteacht na hEitlíochta Sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta atá leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile a shainaithint mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas iompair, agus go háirithe leis an mbeartas eitlíochta.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 100(2) CFAE an bunús dlí substainteach atá leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina mbunús dlí le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

2021/0331 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste faoin gComhaontú i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne, maidir le Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 100 (2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2020/1075 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2020[3], formheasadh an Comhaontú i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne[4] ('an Comhaontú') thar ceann an Aontais agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2021. [5]

(2) In Airteagal 11 (1) den Chomhaontú, déantar foráil maidir le Comhchoiste na bPáirtithe a bhunú le haghaidh fheidhmiú éifeachtach an Chomhaontuithe.

(3) Ina theannta sin, foráiltear in Airteagal 11 (3) den Chomhaontú go ndéanfaidh an Comhchoiste a Rialacha Nós Imeachta a tharraingt suas agus a ghlacadh.

(4) Ullmhaíodh dréacht-Rialacha Nós Imeachta i gcomhar leis an gCoimisiún agus Údarás Eitlíochta Sibhialta na Síne.

(5) Is iomchuí an seasamh a leagan síos atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste maidir le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, ós rud é go mbeidh na Rialacha Nós Imeachta ina gceangal ar an Aontas.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a bhunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste faoin gComhaontú i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne, maidir le Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh.

---

[3] IO L 240, 24.7.2020, lgh. 1-3

[4] IO L 240, 24.7.2020, lgh. 4-23

[5] IO L 3, 7.1.2021, lch. 3-3

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*